

A large, leafy tree stands in the center of a field of white flowers. The background shows a line of trees and a clear blue sky.

Catalóg na nAonad Cúrsa

Clár Ábhar

MODHEOLAÍOCHTAÍ	3
Cás leis an chúrsa i bhforbairt ábhair a sholáthar	3
An cúrsa a thairiscint	3
Gníomhaíochtaí réamhcúrsa	4
An cúrsa a sholáthar	4
Cúrsaí ranga.	4
Cúrsaí ar líne	4
Cúrsaí cumaisc	5
Cur i gcrích	5
Cúrsa samplach	5
MODHEOLAÍOCHTAÍ FOINSÍ	7
Webquest	7
Treoracha don chuardach idirlín:	7
Foghlaim thascbhunaithe/foghlaim ríomhchuidithe teanga	8
An guthán póca mar uirlis sa seomra ranga	9
Obair ghrúpa-comhoibriú	10
Obair thionscadail	11
Físeáin a úsáid le foghlaimeoirí teanga	12
Uirlisí fuaime a úsáid sa seomra ranga	13
Ríomhphunainn	14
Fotheidealú mar Thasc	15
Ranganna gan ríomhaire ar bith nó gan mórán ríomhairí	16
CONAS ÁBHAIR A CHRUTHÚ	17
Ag tosú amach le punann digiteach	17
Conas blaganna a thosú agus a úsáid	18
Ag tosú amach ag déanamh scannán	19
Conas Facebook a réiteach agus a úsáid	20
Ábhar fuaime a thaifeadadh agus ullmhú le haghaidh cleachtaí	21
Ag freastal ar fhoghlaimeoirí bodhra agus dalla maidir le háiseanna closamhairc agus rochtain ar leathanaigh idirlín	22
Ag cruthú leathanaigh idirlín, le hábhar físe/fuaime (roghnach), ina bhfuil na focail ar fad nasctha le foclóirí ar líne	23
Fotheidil a chur le físeáin.	24
Uraiceacht Hot Potatoes (bogearra le haghaidh cleachtaí ar líne a chruthú)	25
Cleachtaí meaitseála (focail le mínithe) a chruthú	26
Cleachtaí meaitseála (grafaicí/grianghraif le focail) a chruthú.	27
Cleachtaí seicheamh as ord a chruthú	28
Cleachtaí Crosfhocail a chruthú	29
Cleachtaí iomlánaithe a chruthú	30
Cleachtaí ilrogha a chruthú	31
Webquest	32

MODHEOLAÍOCHTAÍ

Cás leis an chúrsa i bhforbairt ábhair a sholáthar

Ag tairiscint an chúrsa

Is é an aidhm atá leis an chúrsa ná múinteoirí agus rannpháirtithe ar a gcúrsaí a spreagadh le cur chuige na foghlama cumaisc a úsáid sa seomra ranga. Is fiú dea-shampla a thabhairt mar sin agus do thaithí phearsanta a roinnt maidir leis na buntáistí a bhaineann le cuir chuige éagsúla foghlama a úsáid.

Is féidir bunús na modúl a thairiscint mar chúrsaí ar líne, cúrsaí aghaidh ar aghaidh, nó cúrsaí cumaisc. Seans gurbh fhearr cuid de na modúil a thairiscint le chéile, msh. tá roinnt de na modúil a bhfuil ábhar gaolmhar iontu cosúil leis na modúil ar Hot Potatoes. Ligfidh seo duit cúrsaí speisialta a dheardh a dhíríonn ar stíleanna agus riachtanais fhoghlama cliantachtaí gairmiúla.

Chun líon fiúntach/inláimhsithe rannpháirtithe a earcú le haghaidh na gcúrsaí is fiú sraith modúl a thairiscint sa dóigh is gur féidir le rannpháirtithe aonair a rogha modúl a roghnú agus le go gclárófar an t-íosmhéid rannpháirtithe ar gach modúl.

Is féidir na modúl a thairiscint de réir na gcumas a fhorbrófar tríd na modúl a dhéanamh m.sh. d'fhéadfai an modúl **'Cleachtaí Crosfhocail a chruthú'** a thairiscint leis an chur síos seo:

“Cuideoidh an cúrsa seo le rannpháirtithe cleachtaí crosfhocail a chruthú ar féidir iad a roinnt ar líne nó a phriontáil amach”

Tuigfidh rannpháirtithe an chúrsa láithreach cad iad na scileanna a bheidh le sealbhú, rud atá spreagúil agus soiléir.

Chomh maith leis sin, ní mór scéalta a roinnt faoin taithí s'agat féin sa seomra ranga, rudaí a spreag tú leis an chur chuige a úsáid tú féin agus faoin tairbhe a bhain na foghlaimeoirí as m.sh. faoin úsáid a bhaineann tú as fóin phóca chun físeáin teagaisc a dhéanamh agus cad chuige a bhfuil físeáin úsáideach. I bhfocail eile, tabhair dea-shampla.

Bíonn tuiscint mhaith ag múinteoirí faoin ábhar ar mhaith leo a roinnt agus teastaíonn uathu tuilleadh ama a bheith acu le freastal ar fhoghlaimeoirí ina n-aonar. D'fhéadfá a léiriú dóibh gur féidir leis na modhanna seo am a shábháil, rud a d'fhéadfadh a bheith spreagúil ag múinteoirí gnóthacha. Is fiú fócasú ar na buntáistí atá le gnóthú as am a infheistiú sna modhanna nua seo 'ní bhíonn só gan anó' mar a deirtear.

Chun an cúrsa a sholáthar i modúil oiriúnacha teastaíonn an t-eolas a leanas ó na rannpháirtithe:

1. An bhfuil a fhios agat conas clár a shuiteáil?
2. An dteastaíonn uait na crosfhocail a chruthaíonn tú a chur ar líne?
3. An bhfuil a fhios agat conas comhaid a chur chuig suímh idirlín?
4. An bhfuil a fhios agat conas méid grafaicí a athrú agus iad a shábháil i bhformáid .jpg nó .gif?

Déanfar na rannpháirtithe a ghrúpáil de réir a bhfreagraí:

- a) i líne gasta
- b) i ngnáthlíne

Má tá níos mó ná ceann amháin de na haonaid Hot Potatoes curtha in áirithe ag na rannpháirtithe ní mór an chéad seisiún a chaitheamh ar an chéad aonad amháin.

Gníomhaíochtaí réamhchúrsa

Don chuid is mó de na modúil b'fhiú limistéar idirlín a chruthú chun aschur na rannpháirtithe a chur i láthair le gur féidir leis na rannpháirtithe eile iad a fheiceáil agus a dtuairimí a roinnt.

I gcás cúrsaí ar líne nó cumaisc caithfear ardán cumarsáide de chineál éigin a fhorbairt do na grúpaí, m.sh. First Class, Moodle, Fronter nó Blackboard.

Má tá sé i gceist go n-úsáidfeadh ardán cumarsáide le linn an chúrsa beidh traenáil de dhíth chun an t-ardán a úsáid, is é sin, murar cinneadh ar ríomhphost amháin a úsáid.

Soláthar an chúrsa

Maidir le sceideal an chúrsa, is fearr modúil a chaitheann le cruthú ábhair spreagúil cosúil le físeáin, ábhar fuaimne (m.sh. ceol spreagúil), grafaicí agus téacs hípearnascacha a reáchtáil roimh na modúil a chaitheann le forbairt cleachtaí. Smaoinigh ar an sórt ruda a mheallfaí féin tráthnóna fluich i Mí Eanáir agus beidh tú i gceart.

Cúrsaí ranga

Níl difear le fírinne idir cúrsaí ranga le grúpaí inláimhsithe agus cúrsa teagascacha ar bith eile. Ar ndóigh, caithfidh an múinteoir a bheith eolach ar an ábhar agus taithí cuí i soláthar cúrsaí do mhúinteoirí eile a bheith acu.

In áit cur chuige an cheachta céim ar chéim, ní mór tosú le plé i measc an ghrúpa/ranga faoin méid ar mhaith leo a bhaint amach agus faoi na cumais a bheidh le sealbhú sa chomhthéacs sin, m.sh. seans gurbh fhearr le múinteoir ranga ar chúrsa lónadóireachta nach bhfuil ach ríomhaire amháin sa seomra acu tosú le cleachtaí crosfhocail faoi stór focal an bhia, cleachtaí ar féidir a fhótachóipeáil agus cóip chrua a thabhairt do na foghlaimeoirí.

Sa chás sin caithfear a mhíniú gur féidir le crosfhocail Hot Potatoes cuidiú le spriocanna foghlama an chúrsa s'acu a sholáthar. Bunaithe ar an aschur a shamhláítear, is féidir leis an chúrsa cur chuige tógachaíoch a leanúint leis an sprioc sin a bhaint amach. Thabharfadh soláthróir an chúrsa cuidiú nuair a bhíonn gá leis, díreach in am.

Cúrsaí ar líne

In amanna mothaíonn rannpháirtithe ar chúrsaí ar líne scoite amach mar gheall ar an easpa teagmhála le foghlaimeoirí eile. Moltar mar sin go scríobhfadh na rannpháirtithe cur i láthair gairid orthu féin le seoltaí ríomhphoist. Roinntear na cuir i láthair trí fhóram ar líne nó trí ríomhphost. Is féidir mar sin go dtiocfadh le beirt rannpháirtithe nó níos mó a smaointe a roinnt agus oibriú le chéile chun spriocanna an chúrsa a bhaint amach. Feidhmíonn sé seo mar chóras tacaíochta ar líne le linn an chúrsa. Bhainfeadh buntáistí fosta leis na foghlaimeoirí a chur i dteagmháil lena chéile trí ghlórfhost, Skype, MSM nó ceamaraí idirlín. Tá an cur chuige seo á úsáid ag Open University na Breataine ar feadh na mblianta. Níor mhiste, ar ndóigh, treoir éigin a sholáthar in úsáid na modhanna cumarsáide seo.

Ní mór treoracha soiléire, eolas faoi thascanna, agus sceideal ama a chur chuig rannpháirtithe an chúrsa le go mbeidh a fhios acu cad a mbeifear ag súil uathu.

Ba chóir go dtuigfeadh an múinteoir/teagascóir an tábhacht a bhaineann le haiseolas tráthúil agus moltaí a thabhairt do rannpháirtithe an chúrsa, is é sin, cur chuige cóitseála a úsáid. Tá an cur chuige seo á fhorbairt sa ríomhfhoghlaim ar fud na hEorpa. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an chur chuige seo dóibh siúd a n-óireann cumarsáid labhartha/amhairc nó foghlaimeoirí amhairc.

Léiríonn taithí go dteastaíonn ar a laghad 50% níos mó ama in aghaidh an fhoghlaimeora ó mhúinteoirí le haghaidh ullmhúcháin agus aiseolais i gcomparáid le teagasc sa seomra ranga. Is féidir go n-amharcafaí air seo mar dhrochmhargadh don institiúid a sholáthraíonn cúrsaí ar líne ach fágann na buntáistí a bhaineann leis an teagasc aisioncrónach, gan seomra ranga fisiciúil a bheith de dhíth, gan costais taistil a bheith ann nach ualach ar bith é an t-am breise seo. Agus iad ag plé le foghlaim ríomhchuidithe teanga ní mó do rannpháirtithe agus múinteoirí dul i dtraithí ar an fhoghlaim ar líne chun ról na ríomhchumarsáide a thuiscint i gceart.

Bainfidh rannpháirtithe an tairbhe is mó ó shamplaí coinchréiteacha ó chleachtóirí reatha maidir le foghlaim chumaisc agus modhanna a ghríosáíonn daoine. Reáchtáil roinnt rannpháirtithe de chuid Pools sa Spáinn comórtas déanta scannán le físcemara mar dhuais don cheann is fearr, ba chur chuige cruthaitheach é sin i dtaca leis na modhanna seo agus seift mhargaíochta den scoth.

Cúrsaí cumaisc

Tabharfaidh an méid thuas le fios go bhfuil struchtúr idéalach ann le haghaidh cúrsa cumaisc rathúil, is é sin, go mbeidh seisiún aghaidh ar aghaidh ann ag an tús agus ag an deireadh ina mbualann na rannpháirtithe le chéile le roinnt ceachtanna ranga idir na seisiúin ar líne. Tá an méid seo ag teacht leis an chur chuige cumas-bhunaithe ar cuireadh síos air thuas. Cuidíonn úsáid stíleanna éagsúla le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí a bhfuil stíleanna éagsúla foghlama acu, agus ar an bhonn sin is é is dócha go mbeidh do chúrsaí éifeachtach agus rathúil. Níl slat tomhais níos fearr ná féachaint cad mhéad de na modhanna seo a neadófar i gclár reatha teagaisc i ndiaidh an chúrsa. D'fhéadfadh ceistneoir tar éis an chúrsa a n-éifeacht a mheas. I gcás ar bith, léiríonn taighde go mba éifeachtaí i bhfad freastal ar réimse stíleanna foghlama.

Má chuidítear leis an fhoghlaimeoir (gairmiúil) daoine eile a spreagadh d'fhéadfadh sé sin foghlaim fhadsaoil agus foghlaimeoirí, múinteoirí agus grúpaí áitiúla féinspreagtha a ghineadh, daoine a bhfuil acmhainn i bhfad níos mó acu a n-inspreagadh a thabhairt ar aghaidh chuig daoine eile tríd a n-iarrachtaí áitiúla féin. Má fheiceann daoine an dóigh ar féidir leis na mhodhanna seo cuidiú leo ranganna níos éifeachtaí a bheith acu agus níos mó ama cóitseála a bheith acu le foghlaimeoirí, d'fhéadfadh borradh a chur faoi líon na ndaoine a úsáideann iad.

Cur i gcrích

Is maith linn go léir focal molta, mar sin de, ná déan dearmad nóta comhghairdis, teastas spráúil nó réalta órga ar líne a sheoladh nuair a shealbhaíonn na rannpháirtithe scil nua!

D'fhéadfadh cuir i láthair ar líne den dea-chleachtas agus faill ag rannpháirtithe eile moltaí a dhéanamh orthu a bheith luachmhar.

Cúrsa samplach

Le linn thréimhse phíolótach POOLS rinne muid chúrsa modheolaíochta ar líne a sholáthar agus an teideal “Foghlaim ríomhchuidithe teanga i gcomhthéacs na foghlama tascbhunaithe”. Soláthraíodh an cúrsa trí ardán idirlíon-bhunaithe agus trí ríomhphost, áit a bhfuair na rannpháirtithe cóipeanna de na cáipéisí go léir. Leag muid béim ar an luach a bhain leis na rannpháirtithe a bheith ag tabhairt aiseolais dá chéile.

D'ullmhaigh muid seacht dtasc don chúrsa:

Tasc 1

Seol isteach cur i láthair ort féin

Tasc 2

Léigh an chaibidil faoin fhoghlaim thascbhunaithe agus foghlaim ríomhchuidithe teangacha Spriocdháta:

Tasc 3

Forbair do ghníomhaíocht thasc-bhunaithe féin, le réamhthasc, príomhthasc agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta. Caithfidh tú a bheith in ann an tasc a úsáid le ceann de na ranganna s'agat. Seol do thasc isteach.

Spríodhata:

Tasc 4

Léigh ionchur na rannpháirtithe eile ar an chúrsa agus tabhair breithiúnas air. Tabhair aiseolas dóibh ar ghníomhaíocht s'acu.

Spríodhata:

Tasc 5

Bain triail as an tasc i gceann de do ranganna.

Spríodhata:

Tasc 6

Seol isteach cur síos ar bharúil agus luacháil na bhfoghlaimeoirí ar an tasc. Cuir do luacháil féin ar an tasc leis.

Spríodhata: 2 lá ar a mhéad i ndiaidh an tasc a úsáid le rang.

Tasc 7

Léigh luachála na rannpháirtithe eile agus tabhair aiseolas.

Spríodhata: Ní mór aiseolas a thabhairt do gach rannpháirtí laistigh de sheachtain i ndiaidh dóibh na luachála éagsúla a chur isteach.

Tasc 8

Luacháil deiridh agus machnamh.

Cad é do mheas ar chur i bhfeidhm an tasc nua?

Ar athraigh sé rud ar bith duitse mar mhúinteoir teanga?

Spríodhata:

Chun féachaint ar na torthaí téigh chuig <http://www.languages.dk/courses/call-tbl/index.html>

MODHEOLAÍOCHTAÍ FOINSÍ

TEIDEAL NA MÍRE	Webquest
Cur síos gairid	Pléann an cúrsa seo le cuspoirí cuardach idirlín agus conas iad a úsáid i bhfoghlaim teangacha. Mar chuid de sin amharctar ar ról an mhúinteora, na torthaí foghlama agus na próisis fhoghlama.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	Cumas ríomhaire a úsáid le: <ul style="list-style-type: none"> • Dul ar an idirlín • Comhaid agus téacsanna idirlín a láimhseáil • Pictiúir agus léaráidí a láimhseáil • Cur i láthair a dhéanamh agus treoir a thabhairt
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	Conas céimeanna agus torthaí foghlama an chuardaigh idirlín (ceann a rinne tú féin nó ceann réamhdhéanta) a ullmhú agus machnamh a dhéanamh orthu. <ul style="list-style-type: none"> • Intreoir • Tasc • Próiseas • Foinsí eolais • Luacháil • Conclúid
Achar foghlama measta:	6x45 nóiméad
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	Ríomhaire Rochtain idirlín Rochtain ar bhogearraí próiseála téacs agus íomhánna
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	ar aghaidh/ar líne/cúrsa cumaisc
Tagairtí:	www.webquest.org www.bestwebquests.com www.languages.dk http://instantprojects.org/webquest/main.php http://webquest.sdsu.edu/webquest.html http://www.kn.att.com/webquests.html http://www.bestwebquests.com/links.asp

Treoiríníte le haghaidh cuardach idirlí:

- Smaoinigh ar ligean do rannpháirtithe an chúrsa dul i dtaithe ar chuardach idirlín mar fhoghlaimoirí teanga iasachta agus lig dóibh na spriocanna foghlama a aithint. Is cuid thábhachtach d'ullmhú cuardaigh idirlín na spriocanna foghlama a aithint.
- Déan cinnte go bpléitear na céimeanna ar fad atá i gceist le cuardach idirlín.
- Moltar am a thabhairt do na rannpháirtithe teacht ar chuardach idirlín nó ceann a chumadh le húsáid lena bhfoghlaimoirí féin thar thréimhse ama, tréimhsí fadtéarmacha agus gearrthéarmacha.
- Ní mór luacháil, machnamh agus plé a bheith mar chuid den úsáid a bhaineann rannpháirtithe an chúrsa as cuardaigh idirlín ina ranganna féin.
- Má reáchtálaítear an cúrsa aghaidh ar aghaidh moltar ligean dóibh cuardaigh idirlín a chéile a thriail agus deis a thabhairt dóibh aiseolas a thabhairt dá chéile.

TEIDEAL NA MÍRE	Foghlaim thascbhunaithe/ag teagasc le foghlaim ríomhchuidithe teanga
Cur síos gairid	Féachann an cúrsa seo ar an tslí le Foghlaim Thascbhunaithe a úsáid mar mhodh teagaisc le tacaíocht ríomhairí. Cuimsíonn seo plé ar ról an mhúinteora, torthaí foghlama agus próisis fhoghlama.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<p>Cumas ríomhaire a úsáid le:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dul ar an idirlíon • Comhaid agus téacsanna a láimhseáil • Cuir i láthair a dhéanamh agus treoir a thabhairt
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<p>Conas céimeanna na foghlama tascbhunaithe a ullmhú agus machnamh a dhéanamh orthu</p> <ul style="list-style-type: none"> • Intreoir • Tascanna • Próiseas • Foinsí eolais • Luacháil • Conclúid
Achar foghlama measta:	6x45 nóiméad
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	<p>Ríomhaire Rochtain idirlín Rochtain ar bhogearraí próiseála téacs agus íomhánna</p>
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/ar líne/cúrsa cumaisc
Tagairtí:	<p>http://www.languages.dk/materials.html#Course_Book http://www.teachingenglish.org.uk/think/methodology/task_based.shtml http://en.wikipedia.org/wiki/Task-based_language_learning</p>


TEIDEAL NA MÍRE	An guthán póca mar uirlis sa seomra ranga
Cur síos gairid	Is féidir leis an chuid is mó de ghutháin phóca fuaim agus íomhánna a thaifeadh. Cad faoi ligean do na mic léinn na gutháin phóca a choinneáil amuigh mar athrú agus bhfeidhmíocht a úsáid? Taifead comhráití, ceol agus ról-imirtí leis na gléasanna a thugann na foghlaimeoirí féin leo.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<ul style="list-style-type: none"> • cumas/muinín a bheith i gceannas ar rang atá ag obair i ngrúpaí • cumas na tascanna ar fad a leagtar amach san aonad “Ábhair a chruthú le guthán póca” a chur i gcrích
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<ul style="list-style-type: none"> • ceachtanna foghlama a chruthú le comhaid fuaime/íomhánna a rinne na foghlaimeoirí • foghlaimeoirí aonair/grúpaí a stiúradh trí cheachtanna ag úsáid réimse ardán • gníomhaíochtaí a bhfuil na foghlaimeoirí i gceannas orthu (taifeadh fuaime/fise san áireamh) a spreagadh bunaithe ar fheidhmeanna éagsúla na nguthán póca. • foghlaimeoirí a spreagadh le teangacha a fhoghlaim trí mheán an cheoil
Achar foghlama measta:	4 x 45 nóiméad
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	Gutháin phóca le feidhm thaifeadta (cineálacha éagsúla más féidir) Ríomhairí pearsanta a phróiseálann go gasta Gléasanna/cáblaí le gutháin phóca a cheangail le ríomhairí pearsanta
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc/ar líne
Tagairtí:	http://news.bbc.co.uk/1/hi/technology/6215532.stm http://www.popullar.eu/ http://www.instagram.com

TEIDEAL NA MÍRE	Obair ghrúpa-comhoibriú
Cur síos gairid	Cuimsíonn uirlisí comhoibríthe próiseálaithe focail idirlíon-bhunaithe, scarbhileoga, cuir i láthair, foirmeacha, agus seirbhísí stórála mionsonraí a ligeann d'úsáideoirí cáipéisí a chruthú agus a chur in eagar ar líne le linn dóibh a bheith ag comhoibriú beo nó ar bhonn as líne. Bíonn tionchar díreach ag dearadh ranga a bhfuil obair ghrúpa comhoibríoch mar chuid de ar speagadh an fhoghlaiméora chun staidéar a dhéanamh.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<p>Cumas ríomhaire a úsáid le:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dul ar an idirlíon • Cuntas úsáideora a chur ar bun • Cáipéisí, scarbhileoga agus toirbhirtí a chruthú ag úsáid feidhmchlár cuí. • Comhaid a láimhseáil
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<p>Beidh an duine faoi oiliúint ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cáipéisí, scarbhileoga agus cuir i láthair ar líne a chruthú, a roinnt agus a chur in eagar • Obair ghrúpa a éascú trí úsáid cáipéisí comhoibríthe, scarbhileog agus cur i láthair sa teagasc
Achar foghlama measta:	4x45 nóiméad
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	Ríomhaire Rochtain idirlín
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc/ar líne
Tagairtí:	http://www.google.com http://www.dropbox.com

TEIDEAL NA MÍRE	Obair thionscadail
Cur síos gairid	Ligeann obair thionscadail d'fhoghlaimoirí an t-eolas atá tábhachtach dar leo féin chun topaic ar leith a chur i láthair a roghnú. Ligeann na tionscadail seo (a bhfuil meáin éagsúla ar nós téacs, íomhánna, físeáin, nó naisc chuig áiseanna breise a bhaineann leis an topaic mar chuid díobh) d'fhoghlaimoirí iad féin agus a dtopaic a chur i láthair ar bhealach cruthaitheach. Is uirlis luachmhar agus ilúsáideach í do mhúinteoirí, uirlis ar féidir a neadú i réimsí éagsúla, ní amháin foghlaim teangacha ach réimsí curaclaim eile chomh maith.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	Cumas ríomhaire a úsáid le: <ul style="list-style-type: none"> • Dul ar an idirlíon • Comhaid a láimhseáil agus naisc a chur isteach/ a neadú
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	Beidh an duine faoi oiliúint ábalta: <ul style="list-style-type: none"> • meáin éagsúla a úsáid chun íomhánna idirghníomhacha (gloganna) a chruthú mar áis d'fhoghlaimoirí s'acu • foghlaimoirí a stiúradh trí na céimeanna a bhaineann le híomhánna ilmheáin idirghníomhacha a dhéanamh chun tionscadail s'acu a chur i láthair
Achar foghlama measta:	4x45 nóiméad
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	Ríomhaire Rochtain idirlín
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc/ar líne
Tagairtí:	http://www.glogster.com/ http://classroom-aid.com/2012/09/05/top-10-glogs-for-professional-development/ http://www.dropbox.com/

TEIDEAL NA MÍRE	Físeáin a úsáid le foghlaimeoirí teanga
Cur síos gairid	Intreoir a chlúdaíonn úsáid ábhair fhíse réamhdhéanta agus cruthú ábhair fhíse mar chuid de phróiseas foghlama teanga.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<ul style="list-style-type: none"> • Na cumais ghinearálta a chlúdaítear san aonad Ag Tosú Amach ag Déanamh Scannán. • Na cumais ginearálta a sealbhaíodh san aonad Ag Tosú Amach ag Déanamh Scannán. • cumas/muinín a bheith i gceannas ar rang atá ag obair i ngrúpaí
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<ul style="list-style-type: none"> • ceachtanna foghlama a fhorbairt (m.sh. cluastuisicint) ag úsáid ábhair fhíse réamhdhéanta ag foghlaimeoirí, múinteoirí nó daoine eile • foghlaimeoirí a threorú trí phróiseas déanta físe i réimse seánraí, agallaimh, sceitsí gairide agus cláir fhaisnéise • tionscadail déanta físeán a bhfuil na foghlaimeoirí ina mbun a spreagadh mar ghníomhaíocht fhoghlama teanga • físeáin a úsáid mar uirlis bhunaidh i bhfoghlaim teangacha • físeán treorach a chruthú mar áis le cuidiú leis na foghlaimeoirí constaicí sa phróiseas foghlama a shárú
Achar foghlama measta:	6 ceacht
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	<ul style="list-style-type: none"> • físcemara • tríchosach • rochtain ar ríomhaire • rochtain ar chlár simplí eagarthóireachta
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc
Tagairtí:	http://www.languages.dk/digital/ http://www.teachingenglish.org.uk/think/resources/video_young1.shtml http://www.uiowa.edu/~pics/tips.html http://divisproject.eu/ http://www.popullar.eu/video-guide.html http://www.youtube.com/watch?v=edTmiB9i7JY&feature=c4-overview&list=UUCfJUoKjI5O4kswb4rRZZgw

TEIDEAL NA MÍRE	Uirlisí fuaime a úsáid sa seomra ranga
Cur síos gairid	Tá an réasúnaíocht taobh thiar d'úsáid foinsí fuaime sa seomra ranga bunaithe ar scileanna cluastuisceana agus labhartha a fhorbairt. Tugann sé seo an deis d'fhoghlaimoírí na smaointe s'acu a thairfeadh láithreach agus na smaointe sin a roinnt leis an phobal tríd a nglór féin a úsáid.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<p>Cumas ríomhaire a úsáid le:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dul ar an idirlíon • Micreafón a úsáid (ceann seachtrach nó ceann inmheánach atá mar áis ar gach fón cliste agus ríomhaire glúine)
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<p>Beidh an duine faoi oiliúint ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Iontrálacha foclóra pearsanta atá maisithe a chruthú agus iad a bhailiú i mblag ranga chun foclóirí labhartha amhairc a chruthú. • Tráchteaireacht a dhéanamh ar ócáidí éagsúla trí thairfeadtaí • Scileanna labhartha, foclóra, fuaimnithe agus cumais a chleachtadh agus teachtaireachtaí thairfeadta a thuiscint • Barúlacha, smaointe agus machnaimh a roinnt trí theachtairachtaí gutha • Slite éagsúla a úsáid chun cuir i láthair a dhéanamh • Gníomhaíochtaí foghlama tascbhunaithe a dhéanamh
Achar foghlama measta:	4x45 nóiméad
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	Ríomhaire Rochtain idirlín
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc/ar líne
Tagairtí:	http://audioboo.fm/ http://www.fotobabble.com/ http://www.ipadio.com/ https://soundcloud.com

TEIDEAL NA MÍRE	Ríomhphunainn
Cur síos gairid	Is féidir ríomhphunainn na bhfoghlaimoírí a léiriú i Moodle trí phíosaí aonair oibre a ainmniú mar áiseanna laistigh de chúrsa Moodle. Léirítear na háiseanna seo mar naisc chuig cineálacha éagsúla cáipéisí, ina measc pdf (Adobe Acrobat), html (brabhsálaí), swf (Flash) agus comhaid ppt (Powerpoint).
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<p>Cumas ríomhaire a úsáid le:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dul ar an idirlíon agus ríomhphost a úsáid • cáipéisí a chruthú ag úsáid feidhmchlár oiriúnach
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<p>Tréithe Pearsanta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cleachtas Machnamhach • Féinmheasúnú • Féinfheasacht • Inspreagadh / inoiriúnaitheacht <p>Foghlaim</p> <ul style="list-style-type: none"> • Foghlaim fhéinriartha • Bailiú agus próiseáil eolais • Scileanna scríbhneoireachta • Scileanna cur i láthair <p>Teicneolaíocht sa Chumarsáid</p> <ul style="list-style-type: none"> • Áiseanna cuardaigh bibleagrafaíochta ar líne a úsáid • Timpeallacht fhíorúil Foghlama (m.sh. Moodle) a úsáid • Áiseanna foghlama idirghníomhacha a fhorbairt m.sh. Quizeanna ar Moodle • Uirlisí ICT a úsáid chun cuir i láthair nuálacha agus mealltacha agus ríomhphunainn ar líne a fhorbairt
Achar foghlama measta:	16 ceacht
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	Rochtain idirlín Rochtain ar Moodle
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc
Tagairtí:	<p>http://kn.open.ac.uk/public/getfile.cfm?documentfileid=9744 http://www.eportfolios.ac.uk/ http://prezi.com/ http://www.scoop.it</p> <p>Handouts for the course: </p> <p>http://www.languages.dk/archive/Methodology_Course/ePortfolio/Creating a course to be used as a student eportfolio.doc http://www.languages.dk/archive/Methodology_Course/ePortfolio/Creating a Topic Summary.doc http://www.languages.dk/archive/Methodology_Course/ePortfolio/Creating an resource.doc http://www.languages.dk/archive/Methodology_Course/ePortfolio/How to upload an e-portfolio file.doc</p>

TEIDEAL NA MÍRE	Fotheidealú mar Thasc
Cur síos gairid	Foghlaimíonn na rannpháirtithe conas fotheidealú a úsáid mar thasc i dteagasc teangacha.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<p>N.B. Ní oireann an modúl seo d'úsáideoirí bunúsacha ICT</p> <ul style="list-style-type: none"> • Na scileanna agus cumais a bhí le sealbhú ón mhodúl cruthaithe ábhair "Fothaidil a chur le físeán" • Más í an aidhm go n-ullmhóidh na rannpháirtithe fothaidil le haghaidh DVD beidh orthu bheith eolach ar Adobe Encore 2.0 (nó a chomhionann).
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<ul style="list-style-type: none"> • Tuiscint leathan oideolaíoch ar úsáid taisc choimleáscach cosúil le ligint do rang oibriú le hábhair a bhaineann le fotheidealú físeán
Achar foghlama measta:	<p>8 ceacht:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Oiliúint agus taispeántas (4 ceacht) • Am pearsanta sna ranganna (gan comhaireamh;-) • Luacháil, roinnt taithí, agus tuiscint leathan oideolaíoch maidir leis an tasc (4 ceacht)
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	<ul style="list-style-type: none"> • ríomhaire • teileagóir sonraí • Rochtain idirín • Divxland Media Subtitler • Adobe Encore 2.0 • "scagaire" VobSub
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc/ar líne
Tagairtí:	<ul style="list-style-type: none"> • http://www.youtube.com Pobal YouTube • Divxland Media Subtitler http://www.divxland.org/ a ligeann don úsáideoir fothaidil a ullmhú le haghaidh físeán. Tá an bogearra saor in aisce. Tá físeán teagaisc ar an suíomh chomh maith. • Is féidir "VobSub" a íoslódáil ó: http://www.softpedia.com/get/Multimedia/Video/Codec-Packs-Video-Codecs/VobSub.shtml (Tá físeán teagaisc ar an suíomh seo chomh maith)


TEIDEAL NA MÍRE	Ranganna gan ríomhaire ar bith nó gan mórán ríomhairí
Cur síos gairid	Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine atá ar bheagán áiseanna (ríomhaire sa bhaile nó sa láthair oibre/institiúid oideachais, ach ní sa seomra ranga – nó daoine nach bhfuil acu ach ríomhaire amháin sa seomra ranga) chun cuidiú leo ábhair ICT a úsáid i gcomhthéacsanna teagaisc agus foghlama.
Sula dtosaíonn siad ní mór na cumais seo a bheith ag an rannpháirtí:	<ul style="list-style-type: none"> • Scileanna bunúsacha ríomhaireachta • ábalta oibriú le grafaicí agus táblaí • Rochtain idirlín
Le linn an chúrsa cuideoidh tú leis an duine faoi oiliúint na cumais seo a shealbhú:	<ul style="list-style-type: none"> • Ceachtanna a phleanáil agus a thairgeadh bunaithe ar ábhair dhigiteacha/gníomhaíochtaí i dtimpeallachtaí foghlama ina bhfuil ríomhairí gann. • Ábhair solúbtha, cruthaitheach, suas chun dáta agus ábhartha chun cuidiú leis an mhúinteoir freastal ar ionchais na bhfoghlaimoirí • Gréasán múinteoirí cruthaitheacha atá ar aon intinn a fhorbairt, múinteoirí a úsáideann ICT san oideachas.
Achar foghlama measta:	4-6 seisiún 3-4 uair an chloig an ceann thar thréimhse sé mhí
Leis an chúrsa seo a sholáthar teastóidh:	Rochtain ar ríomhaire, printéir, ceangal idirlín
Is féidir leat an cúrsa a sheachadadh:	Aghaidh ar aghaidh/cur chuige cumaisc
